

# LUX

3 SCANNÁN  
24 THEANGA  
28 dTÍR

# FILM

# DAYS

**A PEINE J'OUVRE LES YEUX  
(AR OSCAILT MO SHÚILE)**

Leyla Bouzid

An Fhrainc, an Túinéis, an Bheilg,  
Aontas na nÉimíriochtaí Arabacha



**LUX  
FILM PRIZE**  
TÁ PARLAIMINT NA hEORPA  
TIOMANTA DO CHULTÚR

ye10  
ars



Parlaimint na hEorpa

# A PEINE J'OUVRE LES YEUX

## Ar oscailt mo shúile

Scannán le Leyla Bouzid

An Túinéis i rith an tsamhraidh sa bhliain 2010, cúpla mí roimh an réabhlóid, éiríonn le Farah, 18 mbliana d'aois, sa *baccalaureat* agus smaoiníonn a muintir cheana féin ar an leigheas ... ach ní fheiceann sí cúrsaí ar an mbealach céanna.

Canann sí i mbanna rac tiomanta. Critheann sí, bíonn sí ar meisce, téann sí amach ar an ngrá agus ar a cathair istoíche i gcoinne thoil Hayet, a máthair, a bhfuil cur amach aici ar an Túinéis agus ar a toirmisc.


Éireoidh an spéir dorcha di amach anseo, tar éis don ghrúpa beag a chinneadh seinnt i gcaiféanna na príomhchathrach, mar a ligeann sí a fonn saoirse agus a sceitimíní chun maireachtáil pléascadh gan choinne. Agus rabhadh faighte aici go luath faoina hiompar drabhlásach in áiteanna ina gcuirtear in áirithe d'fhair, déanann Hayet iarracht áiteamh ar a hiníon. In aisce. Leathréabhlóidí, gan tuiscint cheart aici ar an mbaol sa Túinéis fhorlámhach ag an am, tá Farah meáite ar scaipeadh a dhéanamh go hard ar chaint Borhène, a buachaill agus ceannaire an ghrúpa, agus, ar an mbealach sin, ábhar dóchais na n-óg uile.

### CUR I bPEIRSPICTÓCHT

Is rud suntasach é go suíonn Leyla Bouzid gníomhaíocht a scannáin cúpla mí díreach roimh réabhlóid na Túinése a bhí le tús Earrach na nArabach a mharcáil, gluaiseacht mhór ilnáisiúnach fuascailte ar féidir í a mhíniú, i measc cúinsí eile, mar dhiúltú ar na réimís fhorlámhacha i réim, éagothroime throm shóisialta, géarchéim dhian eacnamaíochta, nó leibhéil arda difhostaíochta i measc na n-óg a bhí an-tábhachtach. Sa Túinéis, bhí ról faoi leith ag mothúchán an phlúcata agus na héagóra go háirithe mar bhí 42 % den phobal níos óige ná 25 bliana d'aois, le leibhéal oideachais sách ard agus neamhreibhliúgnach. Cé go raibh sé mar thoradh i mórán tíortha Arabacha ar bhuail an réabhlóid iad go ndeachaigh na hIoslamaithe i réim ar feadh i bhfad leis na hiarmhairtí atá ar eolas againn, d'éirigh leis an Túinéis dá réir sin fíorathrú daonlathach a chuir i bhfeidhm. Cé gur éirigh leo sna toghcháin ar dtús, ruaigeadh na hIoslamaithe as cumhacht ar deireadh, agus in Eanáir 2014, ghlac an tír Bunreacht nua.

Agus 5 bliana aici chun féachaint siar, filleann Leyla Bouzid ar chéadlorg na Réabhlóide sa Túinéis ag léiriú thart timpeall ar phríomhphearsana na saincheisteanna agus na dtosca, a chuir tús léi: daoine óga uirbeacha ó aicme sách rachmasach, oilte agus iad buailte ag fonn díograiseach saoirse (Farah agus a cairde), atmaisféar de chos ar bolg agus d'fhaireachas is dual do stát póilíneach (gabhadh Borhène agus Farah), éillíú na n-oifigeach (nuair a théann Farah ar iarraidh, íocann Hayet an póilín chun go dtosóidh sé an fiosrúchán láithreach), ualach na sochaí traidisiúnta agus a luachanna fearaíochta (súil na bhfear ar Hayet, go háirithe nuair a théann sí ar thóir Borhène sa chaifé an oicse a imíonn a hiníon ar iarraidh).

I gcomhthéacs na n-ionsaithe scemhliitheoireachta tar éis an Earraigh Arabaigh i dtaca le déanamh an scannáin, tugann *À peine j'ouvre les yeux* (*Ar oscailt mo shúile*) an deis, gan dul i ngleic leis an gceist go díreach, chun machnamh a dhéanamh ar éifeachtaí gan choinne réabhlóide a thug an deis ar deireadh d'Ioslamachas coimeádach atá imithe ar feadh i bhfad ó shochaí na Túinése in 2010. Agus má iompraíonn scannán Leyla Bouzid dóchas glúine, iompraíonn sé faoi cheilt freisin, le heasnamh éigeantais, a haislingí cailte agus a hábhair imní reatha. Ar an mbealach seo, is féidir an scannán, a thuiscint mar chuireadh discrídreach chun feasacht ó thaobh na polaitíochta de a fháil agus chun cineál éigin de ghluaiseacht intleachtúil a chur ar bun, níor cheart go dteipfeadh air chun machnamh a fhuascailt mar gheall ar shaincheisteanna riachtanacha amháil tábhacht saoirsí agus luachanna a chuireann taca faoi shochaithe daonlathacha a chosaint.





## **FARAH AGUS HAYET: CAIDREAMH NA MÁTHAR/NA HINÍNE I gCROILÁR AN SCANNÁIN**

Seachas léiriú an-mhóthúchánach den chaidreamh idir an mháthair agus an iníon, ligeann scannán Leyla Bouzid, tríd an mbeirt bhan seo, conas a aistríonn ábhair mhíshásaimh ó ghlúin amháin go glúin eile agus, go háirithe, cé chomh deacair agus atá sé aon chineál athraithe a éileamh nuair a chónaítear i stát póilíneach. Amhail Farah, tá cúlra frithbheartaíochta ag Hayet ach murab ionann is a hiníon, tá a fhios aici go bhfuil costas an-ard ar iarrachtaí chun croitheadh a bhaint as an gcóras seanbhunaithe i dtír amhail Túinéis Ben Ali. Léiríonn a haistear, a rinne bean nua-aimseartha di ach atá fós féin géilliúil thar thréimhse ama, an leamsháinn a bhíonn mar thoradh ar gach gníomh treascrach i gcomhthéacs smachtúil mar sin. Maidir le Farah, is carachtar a léiríonn an óige ar thóir na saoirse, is féidir rian cinniúna cinnte a aithint uirthi cheana féin trí aistear a máthar.



Ó thaobh na scannánaíochta de, sna codanna an-mhóthúchánach, braitear an teannas uile go géar, a thagann chun cinn idir an bheirt bhan mar thoradh ar an atmaisféar tíoránta a chuireann an réimeas ar an tsochaí ar fad. Tugann an bealach seo ina gcuirtear béim ar thráthanna an-drámata an deis chun crá na máthar seo, atá sractha idir an grá atá aici dá hiníon, an imní atá uirthi faoi í a chosaint agus a dílseacht dá hidéalacha óigeanta féin, a aibhsíú

## **AGALLAMH LE LEYLA BOUZID (GIOTÁÍ ÓN bPREASPHACÁISTE)**

*Labhraíonn tú faoi ábhair imní mar thoradh ar an stát póilíneach ach tá bagairt sceimhlitheoireachta ann freisin sa Túinéis. Níl aon rian in aon chor den chreideamh sa scannán, áfach.*

Táimid le daoine óga spleodracha, atá gnóthach, a dteastaíonn uathu ceol a sheinnt, ceolchoirmeacha, a saol a chaitheamh lena n-ealaín. Níl ceist an chreidimh i gcroílár a saoil. Is í an óige fhuinniúil agus chruthaitheach seo ar theastaigh uaim í a scannánú. Óige a throideann go laethúil chun a bheith beo fiú, rud nach bpléimid go minic. Is iad na daoine atá bainteach leis an antoiseachas agus leis an bhforéigean amháin a bhfuil ceart labhartha acu sna meáin. Ceapaim go bhfuil sé tábhachtach a rá go bhfuil óige eile ann, chun guth a thabhairt di trí Farah, chun a thaispeáint go bhfuil cosc uirthi



de dheasca na sceimhle a thagann ón gcóras. Tá cineálacha eile sceimhle ann taobh amuigh den sceimhlitheoireacht. Déanann Farah iarracht ar mhaireachtáil mar dhuine aonair agus chun a guth a chur in iúl.

***Tá aithne againn ar “Mhuintir na Túinéise”, an “Sinn”, an “Náisiún”... ach cén áit atá ag an “mise”? Ar cén praghas is ann dúinn mar dhaoine aonair saora sa Túinéis? An raibh ortsa an praghas sin a íoc?***

Cuireann an scannán an cheist: conas a éalaíonn duine ón teaghlach, ón tsochaí agus ón gcóras sa Túinéis? An fuinneamh a bhfuil gá leis, an frithbheartaíocht a spreagann sé agus an foréigean is féidir leis a ghniúint. Leantar aistear Farah a bhfuil cíocras saoil uirthi, tá sí ina steillbheatha, cé nach raibh duine ag súil leis, agus mar thoradh air sin, cuirtear pionós uirthi agus scriostar í.

Ceapaim go n-focaimid uile praghas sa Túinéis, is cuma an ealaíontóir thú nó nach ea. An tráth sin nó tráth eile dá chúrsa, ar leibhéal pearsanta, teaghlach, sóisialta, nó scoile; sa tsochaí Thuinéiseach, géilleann tú ar rudaí áirithe, nó casann tú ar an iomarca constaicí.

Ní scéal dírbheathaisnéise é an scannán ach tá scéalta áirithe a tharla dom féin: cur i gcás nuair a fuairas amach gur sceithire ag na póilíní ab ea cara mór liom a d'fhreastail ar an gclub scannánaíochta céanna liom. Duine a bhí ann chun faire orainn, chun insíothlú inár ngrúpa. Ba gheith mhór í sin, d'aithin mé an uair sin cé chomh timpeallaithe is a bhíomar agus nach bhféadfaimis brath ar aon rud nó aon duine.

***Déanann tú scannánú ar dhearóile na Túinése, go háirithe a saol istoíche, na beáir, na traenacha, na háiteanna an-fhearúil, téann tú isteach iontu le súile mná ... Agus ansin téann tú go dtí an chúlchrioch, go háirithe go himchuach na mianadóireachta, áit ina mbriseann an timpeallacht dheannachúil isteach ar an suíomh uirbeach fuadrach.***

Tá teorainn ann a roinneann na háiteanna seo agus braithim gur gá é sin a bhriseadh agus gur féidir é a dhéanamh.

Go sonrach, le linn an scannánaíthe, is é an radharc is casta ná nuair a théann Hayet isteach sa bheár. Bhí an léiriú déanta suas d'fhíorchustaiméirí i mbeár míchlúiteach. Gach uair a bhí orainn téic eile a dhéanamh, bhí ar an mban-aisteoir dul isteach sa bheár arís agus gach uair, ba dhúshlán é. D'fhéach na fir, cé nach raibh iontu ach aisteoirí breise, uirthi go mion ar bhealach áititheach, nach mór gáirsiúil, gan é a iarraidh. Lena chois sin, bhraith na mná uile san fhoireann a bhí i láthair brú an stánaidh sin.

Lean mé ag scannánú na spásanna Túinéseacha, leis an bhfíoraimsear atá ann, na fíordhaoine a oibríonn ann nó a shiúlann thart, dílis don réaltacht. An traein chomaitéireachta, na beáir, an stáisiún bus, scannánaítear iad ar mhodh cláir faisnéise.

Is é a bhí i gceist ná na carachtair fhicseanúla sa scannán a chur isteach sna háiteanna an-bhríomhar, plódaithe seo sa chathair ... go dtí na míanaigh fosfáite, áit lárnach sa fhrithbheartaíocht faoi Ben Ali. Bhí na hoibríthe ag déanamh aisteoireachta ar a bpáirteanna féin.


Sa scannán, cruthaíonn an radharc seo briseadh, a cheadaíonn céim siar sa stair, cineál zúmaíl amach a chruthaíonn léarscáil den tír. Cuimhnítear gur as tír i bhfad uainn focail na n-amhrán, go bhfuil mothúchán an phlúchta domhain, éalaithe faoi mhórán sraitheanna sóisialta. Is comhartha ómóis do na hoibríthe é (atá fós i gcomhrac leis an rialtas sa lá inniu), ag léiriú gurb í a bhfrithbheartaíocht ar dtús a d'ullmhaigh an tír chun éirí amach. Thosaigh sin in 2008, tamall maith roimh ghníomh cáiliúil Bouazizi.

***Is veicteoir an ceol sa scannán ar chineál friotaíochta. Is é Khyam Allami, Iarácach, cumadóir an cheoil.***

An ceol, an rince, is bealaí éalaithe iad seo a bhí ann riamh sa chultúr coiteann Túinéseach. Is fíorléiriú déine agus scaoileadh mothúchán do na daoine an "Mézoued", ceol traidisiúnta, na damhsaí, na féilte ag póstaí. Inniu tá an rapcheol Túinéseach ag teacht chun cinn, sna ceantair bhochta. Is fíorthearmann é do dhaoine áirithe agus is frithbheartaíocht láidir í a éiríonn léi líon mór daoine a spreagadh. Is léir go bhfuil an-fhaitíos ar an stát roimh na rapálaithe easaontacha seo, ós rud é go dtroidtear iad agus go ngabhtar iad as a n-éilíonn siad ina n-amhráin.

Ba é an ceol an dúshlán is mó sa scannán seo. Ní hamháin ban-aisteoir a aimsiú a chan ach grúpa a chruthú, an ceol a chumadh, na hamhráin a scríobh. Cheap mé uaireanta go mbeadh sé dodhéanta. Bhuail mé le mórán ceoltóirí ach ní fhéadfaimis réiteach lena chéile.

Agus mar sin, lá amháin, trí sheans, bhí mé ag ceolchoirm i bPáras agus d'aimsigh mé grúpa ann a ndeachaigh a cheol i bhfeidhm go mór orm: "Alif Ensemble". Ba dhuine den chúigear ceoltóirí as tíortha éagsúla Arabacha é Khyam. Chum sé na hamhráin do ghuth Baya, chuir sé iad á gcleachtadh arís is arís ar feadh seachtainí iomlána sular thosaigh an scannánaíocht. Tháthaigh sin le chéile iad. Bhíomar uile gafa leis an gceol.





## ÁBHAR MACHNAIMH

Cad is féidir a rá mar gheall ar áit agus feidhm na healaíne sa tsochaí?

les grignoux



## 10 mBLIANA DE SCANNÁNAÍOCHT EORPACH DO MHUINTIR NA hEORPA

Is mór ag Parlaimint na hEorpa na trí scannán atá san iomaíocht do DHUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX 2016 a chur i láthair:

**À PEINE J'OUVRE LES YEUX (Ar oscailt mo shúile)**, scannán le Leyla Bouzid An Fhrainc, an Túinéis, an Bheilg, Aontas na nÉimíriochtaí Arabacha

**MA VIE DE COURGETTE (Mo shaol mar Chúirséad)**, scannán le Claude Barras An Eilvéis, an Fhrainc

**TONI ERDMANN**, scannán le Maren Ade An Ghearmáin, an Ostair, an Rómáin

Déanfar na scéalta ilghnéitheacha seo, ar saothair iad a léiríonn an dúthracht agus an chruthaitheacht gan teorainn atá á léiriú ag stiúrthóirí tréitheacha óga scannán san Eoraip, a thaispeáint le linn an 5<sup>ú</sup> eagrán de LAETHANTA SCANNÁIN LUX.

### DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX

Tá ról bunúsach ag an gcultúr sa chaoi a gcruthaítear ár sochaí.

Mar gheall air sin, chuir Parlaimint na hEorpa tús le DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX in 2007 chun cur le dáileadh scannán Eorpach ar fud na hEorpa agus díospóireacht agus plé ar dheacrachtaí móra na sochaí a spreagadh.

Is tionscnamh eisceachtúil é DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX. Ós rud é nach mbíonn an chuid is mó de na comhléiriúcháin Eorpacha le feiceáil ach amháin sa tír ina ndearnadh an scannán agus gur fíorannamh a dháiltear in aon áit eile iad, fiú amháin laistigh den Aontas Eorpach, is deis neamhchoitianta atá in DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX chun fotheidil 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh a chur ar thrí scannán Eorpacha.

Caithfidh Feisirí Parlaimint na hEorpa vóta chun buaiteoir DHUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX a roghnú agus an 23 Samhain 2016 fógrófar cé acu scannán a thug an chraobh leis.

### LAETHANTA SCANNÁIN LUX

Saolaíodh LAETHANTA SCANNÁIN LUX do DHUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX chomh maith. Ó 2012 i leith, cuirtear na trí scannán atá san iomaíocht do DHUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX i láthair do phobal Eorpach is mó le linn LAETHANTA SCANNÁIN LUX.

Trí LAETHANTA SCANNÁIN LUX, tugtar cuireadh duit eispéaras cultúrtha dodhearmadta a thaití a thrasnaíonn teorainneacha. Ó mhí Dheireadh Fómhair go mí na Nollag 2016, beidh tú in ann teacht le chéile le cinifiligh ó gach cearn den Eoraip ag féachaint ar theilgean de *À peine j'ouvre les yeux (Ar oscailt mo shúile)*, *Ma vie de Courgette (Mo shaol mar Chúirséad)* agus *Toni Erdmann* i gceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh. Ná déan dearmad vóta a chaitheamh don scannán is fearr leat ar ár láithreán gréasáin <http://luxprize.eu> nó ar ár leathanach Facebook.

### AN tAITHEANTAS POBAIL

Is é an tAitheantas Pobail an gradam a dhámhann an lucht féachana i nDUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX. Ná déan dearmad vóta a chaitheamh do *À peine j'ouvre les yeux (Ar oscailt mo shúile)*, *Ma vie de Courgette (Mo shaol mar Chúirséad)* agus *Toni Erdmann*! B'fhéidir go roghnófar thú chun freastal ar fhéile idirnáisiúnta scannánaíochta Karlovy Vary i mí Iúil 2017 — le cuireadh ó Pharlaimint na hEorpa — agus chun teideal an scannáin a gheobhaidh an t-aitheantas pobail a fhógairt.

## FÉACH, PLÉIGH & VÓTÁIL



@luxprize



#luxprize

LUX  
PRIZE  
.EU

**STIÚRTHÓIR:** Leyla Bouzid

**SCRIPT SCANNÁIN:** Leyla Bouzid,  
Marie-Sophie Chambon

**ROGHNÚ AISTEOIRÍ:** Baya Medhaffer,  
Ghalia Benali, Montassar Ayari, Lassaad  
Jamoussi, Aymen Omrani

**STIÚRTHÓIR FÓTAGRAFAÍOCHTA:**  
Sébastien Goepfert

**CEOL:** Khyam Allami

**LÉIRITHEOIRÍ:** Sandra da Fonseca, Imed  
Marzouk

**LÉIRIÚCHÁN:** Blue Monday Productions,  
Propaganda Production

**COMH-LÉIRIÚCHÁN:** Hélicotronic

**BLIAIN:** 2015

**FAD:** 102'

**SEÁNRA:** Ficsean

**TÍR:** An Fhrainc, an Túinéis, an Bheilg,  
Aontas na nÉimíriochtaí Arabacha

**BUNLEAGAN:** Arabach



